
EASO

## An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn



# Príomhthorthaí Thuarascáil Bhliantúil EASO ar Staid an Tearmainn in AE 2016


## Príomhfhorbairtí

Tugtar forbhreathnú cuimsitheach i **dTuarascáil Bhliantúil EASO 2016** ar líon agus ar chineál na n-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a rinneadh i ngach Ballstát den Aontas Eorpach (AE), mar aon leis an Iorua, an Eilvéis, an Íoslainn agus Lichtinstéin (AE+). Agus í bunaithe ar roinnt foinsí éagsúla, déantar scrúdú sa tuarascáil ar threochtaí tearmainn, lena n-áirítear na príomhdhúshláin agus na príomhfhreagairtí le linn na bliana, agus ar na mórfhorbairtí institiúideacha agus dlíthiúla a tháinig chun cinn. Tugtar forbhreathnú inti ar fheidhmiú praiticiúil an **Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS)** freisin.

## Straitéis don todhchaí

Leagadh amach i dtogra ón gCoimisiún Eorpach go bhfuil sé beartaithe **CEAS a athchóiriú**, lena n-áirítear athruithe a bheartaítear ar chóras Bhaile Átha Cliath agus córas Eurodac, neartú ar shainordú EASO agus leasuithe ar an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn agus an Treoir maidir le Cáilíochtaí. Leanadh ar aghaidh le tionscnaimh a seoladh faoin **gClár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce** sa bhliain 2016, lenar áiríodh an sásra athlonnaithe ón nGréig agus ón Iodáil agus cur chuige na dteophointí. Maidir le gníomhaíochtaí gné seachtraí, ghabh an Coimisiún air féin Creat Comhpháirtíochta nua a bhunú le Tríú Tíortha.

Rinneadh beagnach 1.3 milliún iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in AE+ sa bhliain 2016. B'ionann é sin agus laghdú 7 % ar an bhfigiúr don bhliain 2015, inar cuireadh beagnach 1.4 milliún iarratas isteach.



Cé gur tháinig laghdú 7 % ar an líon iarratas a fuarthas sa bhliain, lean tíortha AE+ ar aghaidh le gach iarratasóir a chlárú agus lena gcásanna a phróiseáil.

Sa bhliain 2016, d'eisigh tíortha AE+ beagnach **1.15 milliún cinneadh ag an gcéad chéim. B'ionann é sin agus méadú 84 %** ar an bhfigiúr don bhliain 2015. Bhí méadú **21 %** ann freisin ar an líon cinntí a eisíodh ag **an dara céim** sa bhliain 2016 i gcomparáid leis an bhfigiúr don bhliain 2015. Ba é **61 % an ráta foriomlán aitheanta do chinntí ag an gcéad chéim**. Mar an gcéanna, b'airde an figiúr sin ná an figiúr don bhliain roimhe.

Ba ó shaoránaigh **na Siria, na hAfganastáine, na hIaráice, na Pacastáine agus na Nigéire** a fuarthas an líon ab airde iarratas ar thearmann. Ba iad **an Ghearmáin, an Iodáil, an Fhrainc, an Ghréig agus an Ostair** na príomhthíortha glactha.



**Bhí beagnach aon trian de na hiarratasóirí faoi bhun 18 mbliana d'aois.**

Rinne níos mó ná 65 000 mionaoiseach gan tionlacan iarratas ar chosaint idirnáisiúnta in AE+ sa bhliain 2016. B'ionann é sin agus laghdú 37 % ar an bhfigiúr don bhliain roimhe. Ba iad náisiúnaigh na hAfganastáine a chuir 37 % de na hiarratais uile ó leanaí gan tionlacan isteach chuig AE+.

Bhí an ghéarchéim **sa tSiria** fós ar cheann de na príomhchúiseanna a ndearnadh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta in AE+. Bhí Siriaigh freagrach as **26 % de na hiarratais uile** in AE+.

Rinneadh athstruchtúrú inmheánach ar na córais tearmainn i roinnt thíortha AE+. Cruthaíodh institiúidí nua agus rinneadh athruithe ar shainordú na n-institiúidí a bhí ann cheana freisin. Leasaíodh na beartais a bhí i bhfeidhm i roinnt réimsí, lenar áiríodh **inneachar cosanta, glacadh, clárú iarratas ar thearmann, nósanna imeachta speisialta, ábhair a bhaineann le grúpaí leochaileacha** agus **filleadh**.

Lean EASO ar aghaidh le **tacaíocht oibríochta a thabhairt don Ghréig, don Iodáil, don Chipir agus don Bhulgáir**, agus é ag cur go comhleanúnach lena láithreacht agus le raon feidhme a chuid oibre ar an láthair. Ó mhí Mheán Fómhair 2015 i leith, tá EASO ag tacú le clár athlonnaithe AE ón Iodáil agus ón nGréig chuig tíortha eile san Eoraip. Lean an Ghníomhaireacht ar aghaidh lena gníomhaíochtaí ó thaobh fothú acmhainní agus oiliúna de, le comhar praiticiúil a éascú i measc thíortha AE+, le faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil a bhailiú agus a anailísiú faoi thíortha tionscnaimh agus lena gníomhaíochtaí gné seachtraí.

**Chun tuilleadh faisnéise a fháil, tabhair cuairt ar www.easo.europa.eu nó téigh i dteagmháil le info@easo.europa.eu**

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, 2017 Grianghraf © EASO

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2017

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Leaga | ISBN 978-92-9494-605-8 | ISSN 1977-4826 | doi:10.2847/827905 | BZ-AB-17-001-GA-C |
| Leaga | ISBN 978-92-9494-604-1 | ISSN 2314-9701 | doi:10.2847/870 | BZ-AB-17-001-GA-N |